Foras Um Cháir Speisialta an AE

Oifig Bhéal Feirste: EU House, 6 Plás Chromaic, Béal Feirste BT7 2JB
guthán +44 (0) 28 9026 6660
facs +44 (0) 28 9026 6661
ríomhphost info@seupb.org
suíomh idirlín www.seupb.org

Oifig na hÓmaí: EU House, 11 Bóthar Kelvin, An Ómaigh BT78 1LB
guthán +44 (0) 28 8225 5750
facs +44 (0) 28 8224 8427
ríomhphost omagh@seupb.org
suíomh idirlín www.seupb.org

Oifig Mhuineacháin: European Union House,
Castle Meadow Court, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Muineachán
guthán +353 (0) 477 7003
facs +353 (0) 477 1258
ríomhphost interreg@seupb.ie
suíomh idirlín www.seupb.org

Grianghraf ar an chlúdach: Feirm Ghaoithe Alt a Chuilinn agus Ionad Picnice an Chaisil.
Maoinithe tríd Thurasóireacht na Spéiriní Teo.

Dearadh: www.whitenoisestudios.com **Priomh-Grianghrafadóireacht:** www.michaelcooper.com

Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An Ae

EU Programme
for Peace and Reconciliation

INTERREG
IIIA

Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An Ae

"AG BOGADH CHUN TOSAIGH"

Forais Um Chláir Speisialta an AE

Tuairisc Bhliantúil agus Cuntais 2003

HC 1101
Prn.3673



“AG BOGADH CHUN TOSAIGH”

Ordaithe ag Teach na dTeachtaí
2ú Samhain 2004
HC 1101

CLÁR

Cosán Timpeallachta Fhoraois Learmont agus Nasc Siúil agus Rothaíochta Shráidbhaile na Páirce.
Maoinithe ag PEACE II trid Thurasóireachta na Spéiriní.

Clár

RÉAMHRÁ leis an Phríomhfheidhmeannach Ghníomhach 02

CÚLRA
Ár luachanna 04

BUAICPHOINTÍ 2003 08

CUIMSIÚ 10

TRÉDHEARCACHT AGUS OSCAILTEACHT 12

AG OBAIR LE CHÉILE 16

MEAS AR DHAOINE 18

BÍ NUÁLAÍOCH 20

GNÉITHE TRASTEORANN 24

EOLAS 26

AN T-AIRGEADAS 28

NA MIONSONRAÍ 54

RÉAMHRÁ

“Ní trí fhigiúirí amháin a thuigtear buanna an dá chlár. Is é an mhóraidhm atá againn ná sochaí shíochánta, stuama, chaoinfhulangach a chruthú agus is é an rath atá ar an iliomad tionscnamh ar thug muid tacaíocht dóibh i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann, an fíorscéal agus pointe cóimheasa ár gcuid oibre.”

Réamhrá

Nuala Kerr,
Príomhfheidhmeannach Gníomhach

Domsa, is achoimre iad na focail 'ag bogadh chun tosaigh' ar an mhéid dochreidte oibre atá déanta ag an fhoras i 2003, go háirithe, cláir PEACE II agus INTERREG IIIA. Bhí cuid mhór dúshlán le sárú le linn na bliana, ach cuireadh cuid mhór i gcrích i 2003 agus bhog muidne a bhí páirteach i gcur i ngníomh an dá chlár, chomh maith lenár ndualgaisí eile, chun tosaigh le cuid mhór díograise agus diongbháilteachta.

Mhéadaigh líon na dtionscnamh a tháinig isteach i 'gclann' PEACE II go mór i rith na bliana agus ba mhór againn eisiúint na gcéad litreacha tairsceana do thionscnaimh a bhí páirteach sa scéim INTERREG IIIA. Roimh dheireadh 2003, bhí maoiniú PEACE II á thabhairt do níos mó ná 3000 acu agus 187 togra faoin scéim INTERREG taobh istigh de chúpla seachtain ó dáileadh an ciste.

Ní trí fhigiúirí amháin a thuigtear buanna an dá chlár. Is í an mhóraidhm atá againn ná sochaí shíochánta, stuama, agus chaoinfhulangach a chruthú agus is é an rath atá ar an iliomad tionscnamh ar thug muid tacaíocht dóibh i dTuaisceart Éireann agus i gceantar na teorann, an fíor scéal agus pointe cóimheasa ár gcuid oibre.

Ar na dúshláin ba mhó a bhí againn, bhí an scéim N+2, ina raibh sé d'aidhm ag Coimisiún na hEorpa £156 milliún a chaitheamh'ar an talamh' roimh dheireadh Mhí na Nollag. Le linn na bliana bhí cuid mhór tuairimíochta agus tráchta inar maíodh nach réiteofaí ceist N+2 agus tuairiscíodh go gcaillfeadh an Clár suas le £55 milliún, mura mbainfí an sprioc amach.

Ag obair le chéile lenár bpáirtnéirí, chinntigh muid gur bhain muid an sprioc amach, agus mar thoradh, níor cailleadh pingin rua, rud a chiallaigh gur caitheadh buiséad iomlán an chláir ar thograí thógáil na síochana ar fud Thuaisceart Éireann agus Ceantar na Teorann.

Tá an corraitheacht, díograis agus diongbháilteacht a léirigh muid nuair a thosaigh muid ar an obair trí bliana ó shin breá láidir go fóill, chomh láidir sin is gurbh í 2003 an bhliain ba rathúla dá raibh againn go dtí seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabhail le lucht na dtionscnamh atá maoinithe ag na Cláir PEACE agus INTERREG as ucht a bhfíse agus a dtacaíochta a chuir ar ár gcumas cuspóirí an Fhorais Um Chláir Speisialta an AE a bhaint amach.

Ba mhaith liom fosta aitheantas a thabhairt don tacaíocht iontach luachmhar a fuair muid ónar bpáirtnéirí ilchineálacha a chuidigh linn an dá Chlár a chur i gcrích. Gan a n-iarrachtaí, ní oibreodh ceachtar den dá Chlár. Sa deireadh, ach ní ar deireadh, ba mhaith liom go dtabharfaí aitheantas d'fhoireann an FCSAE. Is léiriú é an dul chun cinn iontach atá déanta againn le linn 2003 dá ndúthracht.

Mórphictiúr: Feirm Ghaoithe Allt a' Chuilinn agus Ionad Picnice an Chaisil. Maoinithe tríd Thurasóireacht na Spéiríní Teo.

CÚLRA

“Is í an aidhm atá ag an Chlár PEACE II ná sochaí níos seasmhaí agus níos séanmhaire a chothú i dTuaisceart na hÉireann agus i Réigiún Theorainn na hÉireann.

Tá an clár INTERREG IIIA, tionscnamh atá i bhfeidhm ar fud Aontas na hEorpa, deartha leis an chomhoibriú trasteorann, an comhtháthú sóisialta, agus an fhorbairt eacnamaíochta a threisiú idir réigúin an Aontais Eorpaigh.”

Cúlra

Is iad príomhfheidhmeanna Forais Um Chláir Speisialta an AE ná Cistí áirithe Struchtúracha an AE, cistí ar nós Clár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas a bhainistiú (PEACE II), an Clár INTERREG IIIA agus tionscnaimh eile an Chomhphobail a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt do réimse clár forbartha agus athnuacháin i dtuaisceart agus i ndeisceart na hÉireann.

Is comhlacht feidhmitheach thuaidh/theas é an Foras Um Chláir Speisialta an AE, urraithe ag An Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Airgeadais in Éirinn.

Bunaíodh an Foras ar an 2ú Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta agus faoin Comhaontú Breathnach/Éireannach a bhunaigh na comhlachtaí feidhmitheacha. Tá an Foras freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas.

An Clár PEACE II

Is í an aidhm atá ag an Chlár PEACE II ná sochaí níos seasmhaí agus níos séanmhaire a chothú agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn i dTuaisceart na hÉireann agus i Réigiún Theorann na hÉireann.

Fán am a gcuirfear deireadh leis an scéim ag deireadh 2004, beidh tuairim is ar £456 milliúin (€707 milliúin) curtha ar fáil do thionscnaimh.

Tá an scéim rannta i gcúig mhórthéarma: Athnuachan Eacnamaíoch; Comhtháthú Sóisialta, Cuimsiú agus Athmhuintearas; Straitéisí Logánta Forbartha agus Athghiniúna; Réigiúin Ag Amharc Amach agus Chun Tosaigh; agus Comhoibriú Trasteorann.

Foras um Pháirtnéireacht Réigiúnda Thuaisceart Éireann

Tá cúraimí rúnaíochta ar an FCSAE fosta don Fhoras um Pháirtnéireacht Réigiúnda Thuaisceart Éireann, foras a cuireadh ar bun le cinntiú go leanann obair pháirtnéireachta ar aghaidh i ndiaidh shaol an chláir PEACE II. Tá sé de dhualgas ar an Fhoras páirtnéireachtaí a chothú i measc grúpaí logánta, scothchleachtais a roinnt, agus cuidiú a thabhairt do cheantair agus le heagraíochtaí oibriú le chéile.

An Clár INTERREG IIIA

Tá an clár INTERREG IIIA, tionscnamh atá i bhfeidhm ar fud Aontas na hEorpa, deartha leis an chomhoibriú trasteorann, an comhtháthú sóisialta, agus an fhorbairt eacnamaíochta a threisiú idir réigiúin an Aontais Eorpaigh. Clúdaíonn An Clár INTERREG IIIA Éire/Tuaisceart Éireann Tuaisceart Éireann ina iomláine agus na sé chontae cois teorann in Éirinn.

Tá sé d'aidhm ag an chlár - ar fiú €179 é - tabhairt faoi na míbhuntáistí eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann le teorainn, trí bhunú ghréasáin trasteorann - atá le leas na bpobal logánta agus a bhfuil na pobail sin páirteach iontu - a chur chun cinn.

Tá an iomad beart sa chlár faoina bhféadfaí iarratais a chur isteach: áfach, tabharfar tosaíocht do na tionscnaimh sin a chruthaíonn poist, a chuireann feabhas ar chumas iomaíocht eacnamaíochta ceantair, a chruthaíonn pleananna forbartha agus a chuireann comhionannas deiseanna d'fhir agus do mhná chun cinn.

Mórphictiúr: Rothaíocht eis-bhóthair don chlann uilig ag Castle Archdale, Co Fhear Manach. Maoinithe ag PEACE II trí Pháirtnéiracht Straitéise Logánta Fhear Manach.

Déanann an Foras um Chláir Speisialta an AE maoirseacht ar thionscadail eile de chuid an Chomhphobail, Leader +, Urban II agus Equal ina measc agus cuireann sé le forbairt an chineál sin clár trí pháirtnéireachtaí a chothú le ranna rialtais, thuaidh agus theas.

An Chomhchaibidil

Leagtar mar chúram ar an Fhoras um Chláir Speisialta an AE monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Comhchaibidle agus í a chur chun cinn. Sa Phlean Forbartha Náisiúnta, (2000-2006) agus i bPlean Cistí Struchtúracha Thuaisceart Éireann (2000-2006), tá caibidil iontu araon ina bhfuil téacs comhaontaithe i dtaca leis an dá phlean.

Sa téacs seo, leagtar amach frámaíocht straitéiseach ar ar féidir tógáil, agus ar ar féidir comhoibriú thuaidh/theas níos leithne a fhorbairt ar fud réimse fhairsing earnálacha agus gníomhaíochtaí. Tógann an Chomhchaibidil ar an obair a rinneadh sna pleananna 1994/1999 agus aithníonn sé na buntáistí féideartha a d'fhéadfadh teacht mar thoradh ar chomhoibriú eacnamaíoch níos dlúithe bheith i bhfeidhm ar fud an oileáin.

Ár Luachanna

Mar eagraíocht, tá rún daingean ag an Fhoras um Chláir Speisialta an AE ár ngnó a dhéanamh agus na luachanna thíos a bheith mar bhunchloch ag gach ball den fhoireann más féidir.

Cuimsiú

I ngach gné dár gcuid oibre, déanfaimid ár ndícheall comhionannas deiseanna agus inrochtaineachta a chur ar fáil. Beidh caidreamh cothrom agus oscailte againn le gach duine aonair nó gach eagraíocht. Ba mhaith linn rannpháirtíocht do chách agus meas ar an éagsúlacht a chothú.

Trédhearcacht agus Oscailteacht
Glacaimid le polasaí trédhearcachta agus oscailteachta agus coinneoidh muid pearsanra, custaiméirí agus an pobal go ginearálta ar an eolas maidir le polasaithe agus gníomhartha trí mhalartú agus trí sheachadadh eolais agus comhairliúcháin.

Ag obair go dearfach le chéile
Leanfadh muid leis an chomoibriú i gcuideachta geallsealbhóirí agus custaiméirí, ag riar dá riachtanais agus ag cinntiú go n-aithnítear agus go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna.

Meas ar dhaoine
Tá rún daingean ag an Fhoras Um Chláir Speisialta an AE meas a léiriú ar gach duine lena ndéanann muid teagmháil agus muid i mbun gnó.

3

Réidh le Foghlaim, Roinnt agus bheith Nuálaíoch.
I rith an ama, bhéarfaimid cluas le héisteacht do smaointe agus do choncheapa úra agus beimid sásta smaointe úra agus modhanna dúshlánacha oibre a thriail, ag coinneáil táirgí insoláthartha ardchaighdeáin ag an am céanna. Spreagann An Foras Um Chláir Speisialta an AE malartú smaointe agus moltaí chun feabhas a chur ar fheidhmíocht pearsanta agus chorparáideach, trí chomhchaidreamh.

Is é misean an Fhorais Um Chláir Speisialta an AE ná:

“ An comhoibriú, tuiscint agus gníomhú idir daoine agus eagraíochtaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a fhorbairt trí chomhairliú agus chur i bhfeidhm chláir shóisialta, eacnamaíochta, athmhuintearais agus cultúir an AE. ”

1: Nuala Cormican, Bainisteoir an Clair INTERREG, le John Rice (DCMNR), Trevor Forsythe (DETI) agus Harry Hamill (Inter-Trade Ireland) ag Lá Oscailtei Mí Mheán an Fhómhair a bhain le Teileachumarsáid agus Leathanbhanda Beart 2.1.
2: Samplaí de shaothar Craftwork Cross Border Craft Networks, maoinithe ag PEACE II trí Co-Operation Ireland.
3: Tionscnamh Positive Futures agus Tullynewbank Stables de chuid PEACE II, maoinithe trí Pháirtnéiracht Straitéise Logánta Lios na gCearrbhach.

BUAICPHOINTÍ

“Thug cúpla éacht ábhar mór ceiliúrtha do mhuintir PEACE agus INTERREG le linn 1993, go háirithe an dóigh ar baineadh amach an sprioc N+2, sprioc a leag Coimisiún na hEorpa síos méid airithe airgid a chaitheamh ar thionscnaimh roimh dheireadh 2003.”

1: Ceantair cháilithe do PEACE II agus INTERREG IIIA.

Buaicphointí 2003

Thug cúpla éacht ábhar mór ceiliúrtha do mhuintir PEACE agus INTERREG le linn 1993, go háirithe an dóigh ar baineadh amach an sprioc N+2, sprioc a leag Coimisiún na hEorpa síos méid airithe airgid a chaitheamh ar thionscnaimh roimhe dheireadh 2003. i measc na mbuaicphointí a chonnacthas le linn na bliana, bhí:

PEACE II

- Ceanglaíodh £410 milliúin le níos mó ná 3,000 togra roimh dheireadh 2003;
- Simpliú ar an dóigh a riartar an Clár ag tionscnaimh mar thoradh ar mholtaí Fhoireann Gníomhaíochta 60-Lá i bhfómhar 2003.
- Foilsiú sraith eolaí cairdiúla le cuidiú le tionscnaimh i réimse na bainistíochta eacnamaíochta agus monatóireachta.
- Eisiúint foirm ghiorraithe iarratais.

INTERREG IIIA

- Rinne Coiste Stiúrtha INTERREG IIIA measúnú ar 187 iarratas ar mhaoiniú le linn na bliana agus eisíodh na chéad litreacha tairisceana.
- Faoi bheart €2.1, ceadaíodh €2.5m faoin cheannteideal Infrastruchtúr Ola agus €10m faoin téama Páirceanna Teicneolaíochta.

Maidir leis an dá chlár, athdhearadh suíomh idirlín an Fhorais Um Chláir Speisialta an AE. Tá an suíomh úr níos cairdiúla agus is foinse úsáideach é do thionscnaimh agus dóibh sin atá ag iarradh maoiniú a fháil, agus cuireann sé ar chumas an úsáideora gach doiciméad a bhaineann leis an dá chlár a íoslódáil.

Mórphictiúr: Féile an Éisc, Contae an Dúin. Maoinithe ag PEACE II tríd an Chomhairle Forbartha Tuaithe.

CUIMSIÚ

“I ngach gné dár gcuid oibre, tá sé de chuspóir againn gníomhú ar dhóigh a ofrálann comhionannas deiseanna agus inrochtaineachta.”

Cuimsiú

I 2003, thug PEACE II a chéad tairiscint riamh do mhionlach eitneach. Fuair Chumann Leasa na Síneach, a thugann ionadaíocht do bhaill an ghrúpa eitnigh is mó i dTuaisceart Éireann, £183,000 ón Chomhairle Chaidreamh Phobail le foireann bhreise a fhostú le bheith ag obair i mBéal Feirste agus i nDoire.

Tá an tionscnamh dírithe ar chuidiú a thabhairt don phobal Shineach oibriú lena chéile ar mhaithe lena saol a fheabhsú agus nascanna a thógáil le grúpaí eile pobail. Is é sprioc an dá ghné seo ná caidrimh thrasphobail a chur chun cinn agus tuiscint daoine faoi chultúir éagsúla a leathnú, rud a chuideoidh le caidreamh níos dearfaí bheith idir an pobal Sineach agus grúpaí eile.

Mairfidh an tionscnamh trí bliana agus le linn an ama sin cuirfear leabhrán ar an chultúr Shíneach ar fáil. Cheana féin, tá cainteanna ag dul ar aghaidh idir an grúpa agus grúpaí pobail áitiúla leis an dearcadh atá ar an phobal Shíneach a fheabhsú, ag maolú na bhféidearthachtaí go dtiocfadh ionsaithe de bharr mí-thuisceana.

Traenáil bhreise agus deiseanna eacnamaíocha fud fad Thuaisceart Éireann agus Ceantar na Teorann atá ar thosaíocht an Chláir PEACE.

Fuair an Ionad Theicneolaíocht an Eolais, Gleann Chlochair (Clogher IT Centre), Ionnaithe in Ionad Tuaithe Gleann Chlochair, £80,000 ón Chlár.

Cuireann an tIonad traenáil chreidiúnaithe Teicneolaíocht an Eolais ar fáil i bpróiseáil focal, Aithint Optúil Carachtar (OCR), Litearthacht Ríomhairí agus Teicneolaíocht an Eolais (CLAIT) agus an Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (ECDL) agus tá sé beartaithe acu traenáil a thabhairt do níos mó ná 300 duine thar thréimhse dhá bhliain. Tá caidreamh cothaithe ag an scéim le Coláiste ArdOideachais Dhún Geanainn agus tá comhoibriú idir an dá eagraíocht ag méadú i rith an ama.

Tá gréasán ban i dTuaisceart Bhéal Feirste ag cruthú go bhfuil siad níos mó ná inchurtha leis na fir maidir le ceirdeanna ar nós tíleála agus innealtóireacht aibhléise de.

Tá an tionscnamh 'Mná i gCeirdeanna agus Fostaíocht' (WITE) cruthaithe ag an Ionad Teicneolaíochta do Mhná, maoinithe ag deontas PEACE £98,000 tríd an Fhondúireacht Pobail do Thuaisceart Éireann.

Tá ceardaithe ban nuacháilithe ag cur traenáil ar fáil do 180 rannpháirtí, ó dhá thaobh an phobail, le cúrsaí chreidiúnaithe a dhéanamh i dtíleáil, in innealtóireacht aibhléise agus I bpéinteáil agus maisiú.

Cuimsíonn an tionscnamh WITE forbairt phearsanta agus réamh-fhostaíoctha agus cuireann sé cúram leanaí agus costais thaistil ar fáil lena chinntiú go mbainfidh na rannpháirtithe an tairbhe is mó as an chlár traenála.

Thug PEACE II níos mó ná €15.6m do thionscnaimh do mhná in 2003.

1: Cuireann Cumann Leasa na Sineach cláir ar fáil don ghrúpa eitneach is mó i dTuaisceart Éireann.

Mórphictiúr: Ballyclare Rugby Club. Maoinithe trí Pháirtnéiracht Straitéise Logánta Bhaile Nua na Mainistreach.

TRÉDHEARCACHT AGUS OSCAILTEACHT

“Glacann muid le polasaí trédhearcachta agus oscailteachta agus coinneoidh muid pearsanra, custaiméirí agus an pobal go ginearálta ar an eolas maidir lenár bpolasaithe agus lenár ngníomhartha.”

Trédhearcacht agus Oscailteacht

Tá sé d'aidhm ag an FCSAE bheith chomh hoscailte agus is féidir i ngach aon ghné dá chuid oibre agus, leis an chuspóir seo a éascú, cuireadh roinnt beart deimhnítheach i gcrích, foilsiú an chéad Chairt um Sheachadadh Caighdeán san áireamh. Cuireadh feabhas ar an suíomh idirlín a chuimsíonn anois rannán ina bhféadfaí gach doiciméad a bhaineann leis na Cláir, mionsonraí chruinnithe an Choiste Monatóireachta PEACE II san áireamh, a fheiceáil agus a íoslódáil.

I measc an iliomad tionscnamh a mhaoinigh PEACE II i rith na bliana, bhí 'balla gloine' sé throigh in airde ar a bhfuil dánta scríofa ag muintir na háite inar thug siad guth don dóchas a bhí acu don todhchaí.

Tá tionscnamh an 'bhalla gloine' mar chuid de Thionscadal Ealaíon Pobail an Bhéal Feirste Úir a fuair maoiniú £226,000 do chuid mhór tionscnamh ó Pháirtnéireacht Straitéis Logánta Bhéal Feirste.

Is é bunchloch an Chláir PEACE é daoine a thabhairt le chéile ó dhá thaobh ár sochaí dheighilte. Ainneoin gur gnách le ballaí daoine a dheighilt, thug an dealbhóireacht gloine seo deis do dhaoine theacht le chéile de dheasca an togra meabhraitheach seo. Bhuail Coiste Monatóireachta PEACE II ceithre huaire le linn 2003, Coiste Monatóireachta INTERREG dhá uair agus Coiste Stiúrtha INTERREG sé huaire.

Reáchtáil an Clár INTERREG La Oscailte i Mí Mheán an Fhómhair 2003 dóibh sin a raibh suim acu i rannóg Teileachumarsáide agus Leathanbhanda Beart 2.1.D'fhreastal níos mó ná céad duine an ócáid agus rinne foireann INTERREG cur i láthair agus bhí siad ar phainéal don seisiún ceist agus freagra.

Thug an Clár PEACE II níos mó ná €15.6 do thionscnaimh ealaíona le linn 2003.

1: Nuala Kerr le Manfred Beschel, Coimisnéir an AE agus Tim Spalding ag Coiste Mhonatóireacht na Síochána I gCarraig Mhachaire Rois.

Mórphictiúr: Maoiníodh an 174 Club ag PEACE II tríd Playboard NI.

PEACE II: Iarratais de reir Tosaíochta



PEACE II: Líon na dTionscnamh a fuair tacaíocht, de réir Tosaíochta.



PEACE II: Méadú i líon na n-Iarratas

Tá dul chun cinn mór déanta ag an chlár PEACE II le linn 2003, bliain iontach gnóthach ó thús go deireadh i ngach aon Phrióireacht. Lean an méadú i líon na n-iarratas ar aghaidh ó 4,001 í Mí na Nollag 2002 go dtí 7,034 i Mí na Nollag 2003.



Tosaíocht 1: Athnuachán eacnamaíochta
Tosaíocht 2: Cuimsiú Sóisialta agus Athmhuintearas
Tosaíocht 3: Athghiniúint Logánta.
Tosaíocht 4: Ag Amharc Amach agus Chun Tosaigh
Tosaíocht 5: Comhoibriú Trasteorann.

AG OBAIR LE CHÉILE

“Is cuid de bhainistíocht an chláir é malartú leanúnach eolais agus comhairlithe leis na Comhlachtaí Feidhmitheacha agus Gníomhaithe le modhanna oibre an Chláir a fheabhsú.”

Ag Obair go Dearfach le Chéile

Dá thábhachtaí iad, ní trí fhigiúirí amháin a thuigtear tionchar na gClár INTERREG agus PEACE II fud fad Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann. Insítear fíorscéal INTERREG agus PEACE trí chuntais na ndaoine sin sna ceantair cháilithe ar athraíodh a saol ag an dá chlár.

Ní leor é airgead amháin le síocháin a spreagadh nó le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le teorainneacha. Oibríonn an FCSAE i gcomhpháirt leis na mílte duine agus eagraíocht lena chinntiú go gcomhlíontar aidhmeanna agus spriocanna an dá chlár. Ní fheidhmíonn an clár INTERREG IIIA in Éirinn agus I dTuaisceart Éireann mar a fheidhmíonn sé sa chuid eile den AE.

In áit a bheith riartha ón lár, oibríonn an clár trí réimse Gníomhaithe Feidhmiúcháin, Ranna Rialtais agus páirtnéirí logánta san áireamh.

Is beart iontach casta é cláir chomh mór le PEACE agus INTERREG a chur i ngníomh; ach sin ráite, éisteann FCSAE le cuid mhór daoine agus eagraíochtaí agus nuair atá sé praiticiúil agus indéanta, déantar athruithe.

Le linn 2003, lean Foras um Chláir Speisialta an AE ar aghaidh ag éisteacht, ag dul i gcomhairle, ag díospóireacht agus ag cur athruithe i bhfeidhm mar thoradh ar shraith cruinnithe leis na daoine ba thábhachtaí, chomh maith le cur i ngníomh mholtaí an Fhoireann Ghníomhaithe 60-Lá, a bhfuil na mionsonraí ar leathanach eile sa Tuairisc seo.

Thug PEACE 11 níos mó ná €36.9m do Thionscnaimh Páistí/Óige.

1: Rodseó de chuid PEACE II le gníomhaithe a thabhairt le chéile.

Mórphictiúr: Ionad Traenála an Kileevan Gymnastics Club, Co. Mhuineacháin. Maoinithe ag PEACE II trí Thascfhórsa Chomhairle Chontae Mhuineacháin.

MEAS AR DHAOINE

“Tá rún daingean ag an Fhoras Um Chláir Speisialta an AE meas a léiriú ar gach duine lena ndéanann muid teagmháil agus muid i mbun gnó.”

Meas ar Dhaoine

Tá an tionscnamh Can-Can, lonnaithe i mBaile Monaidh, ag déanamh a dhíchill an timpeallacht áitiúil a ghlanadh. Maoinithe ag PEACE II, tógann an grúpa cannaí déanta as alúmanaim agus bascann iad le go dtig iad a athchúrsáil.

B'inmholta an méid seo ann féin, ach déanann Can-Can giota maith níos mó! Tá míchumas ag gach duine a oibríonn le Can-Can agus ní amháin go gcuidíonn a gcuid oibre leis an timpeallacht a ghlanadh ach cuireann sé ina luí do na hoibrithe go dtig leo a gcion a thabhairt don phobal.

Tugann an tionscnamh seo deis do dhaoine ón dá phobal a bhfuil mí-chumas orthu, scileanna pearsanta a fhoghlaim agus muinín a thógáil iontu féin le go dtig leo bheith níos imeasctha leis an phobal. Tá mionghnó tógtha acu ina bhfuil ról ag gach ball den fhoireann.

Thug PEACE II níos mó ná €150m do thionscnaimh a bhain le Traenáil le linn 2003.

1: Paistí ag glacadh páirte i Scoil Shorcas Pobail Bhéal Feirste atá maoinithe ag PEACE.
2: An Tionscnamh Can-Can atá maoinithe ag PEACE trí Pháirtnéireacht Straitéis Logánta Bhaile Monaidh.

Mórphictiúr: Fóram Míchumais Mhachaire Fíolta agus a Cheantair.

BÍ NUÁLAíOCH

“Mar thoradh ar an rún daingean go ndíreofar an bhéim ar sholáthar réalaíoch na síochána agus an athmhuintearais, cuireadh na hathruithe i bhfeidhm le go mbeadh sé níb éasca do thionscnaimh maoiniú faoin chlár a iarraidh lena laghad monatóireachta agus iniúchóireachta agus ab féidir.”

Foghlaim, Roinn agus Bí Nuálaíoch

Is beart iontach casta é cláir chomh mór le PEACE agus INTERREG a chur i ngníomh; ach sin ráite, d'éist muid i gcónaí le cuid mhór daoine agus nuair a bhí sé indéanta agus praiticiúil, rinne muid athruithe agus feabhsuithe.

I Mí Mheán an Fhómhair 2003, bhunaigh Ian Pearson MP, Aire ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra, Foireann Ghníomhaithe 60-Lá, le bealaí a aimsiú a shimpleodh obair PEACE II. Agus Nuala Kerr, Priomhfheidhmeannach Gníomhach an Fhorais um Chláir Speisialta an AE ina cathaoirleach, bhí comhaltaí ón Fhoras um Chláir Speisialta an AE, na Comhlachtaí Feidhmitheacha, Páirtnéireachtaí Straitéis Logánta, agus na príomh-ranna rialtais.

Fógraíodh moltaí na Foirne Gníomhaithe 60-Lá, formhuinithe ag an Aire, ag preas-ócáid i mBéal Feirste i Mí na Nollag 2003.

Mar thoradh ar an rún daingean go ndíreofar an bhéim ar sholáthar réalaíoch na síochána agus an athmhuintearais, cuireadh na hathruithe i bhfeidhm le go mbeadh sé níb éasca do thionscnaimh maoiniú faoin chlár a iarraidh lena laghad monatóireachta agus iniúchóireachta agus ab fhéidir.

Nil dabht ar bith faoi ná gur imir an Clár PEACE II tionchar mór ar sheasmhacht, ar gheilleagar agus ar neart phobail ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann. Tá muidne a bhfuil an cúram orainn an clár a sholáthar - An Foras um Chláir Speisialta an AE agus na Comhlachtaí Feidhmitheacha - táimid daingean go mbeidh an Clár níos forbháiltí agus níos soláimhsithe ag na tionscnaimh.

Mórphictiúr: Kilrea After-Schools Club. maoinithe ag PEACE II tríd Playboard.

1: Treoir úr FCSAE ar bhainistíocht airgeadais do thionscnaimh PEACE.
2: Leabhrán ur FCSAE ar Chaighdeáin Soláthar Seirbhísí.
3: Nuala Kerr le Conor Shields, ball de Scoil Shorcas Pobail Bhéal Feirste

Is iad príomh-athruithe an chláir ná:

- Foirm shimplithe iarratais
- Méadú ó £10,000 go dtí £20,000 ar an uasteorann d'iarratais ar dheontais bheaga agus
- Níos lú monatóireachta agus iniúchóireachta.

I Mí na Nollag, seoladh INFORM, céad nuachtlitir PEACE II, a raibh sé d'aidhm aige ardán a thabhairt do thionscnaimh agus do na comhlachtaí feidhmitheacha eolas a roinnt, bheith ar an eolas maidir le forbairtí sa chlár agus a gcuid taithí féin de mhaoiniú PEACE a fhoilsiú.

Spréigh na cláir PEACE agus INTERREG araon a dteachtaireachtaí tríd an phobal, ag reáchtáil sraith ceardlann, ródseónna agus imeachtaí.

I samhradh 2003, reáchtáil foireann PEACE II naoi ródseó ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann lena mbuanna i measc na bpobal éagsúil a cheiliúradh. Ardán úsáideach agus ionad coinní a bhí sna ródseónna seo ag tionscnaimh mhaoinithe bualadh le chéile lena dtáithí ar mhaoiniú PEACE a roinnt ar a chéile.

4: Tuairisc foilsithe na Foirne Gníomhaithe 60-La.
5: Treoir úr FCSAE ar an mhonatóireacht.
6: James Magowan ón FCSAE ag bualadh le tionscnóirí Thionscnamh PEACE.



4

5

6

I rith na bliana, reáchtáil INTRERREG cúig ródseó dhéag agus i Mí Mheán an Fhómhair, d'eagraigh siad seimineár speisialta dóibh sin a raibh suim acu i rannóg Teileachumarsáide agus Leathanbhanda Beart 2.1. D'fhreastal níos mó ná céad duine, ó dhá thaobh na teorann, ar an ócáid a reáchtáladh i nDún Dealgan.

D'eagraigh foireann INTERREG ócáid eile i gContae Lú i Mí na Samhna leis an spotsholas a dhíriú ar a cuid oibre agus litreacha tairisceana a eisiúint do chuid de na tionscnaimh ar éirigh leo.

Ni amháin gur tugadh na leabhráin eolais suas chun dáta, ach thug an clár INTERREG a nótaí comhairleacha a úsáideann na Gníomhaithe Feidhmiúcháin suas chun dáta.

GNÉITHE TRASTEORANN

“Ni amháin go dtugann tionscnaimh Thrasteorann an dá phobal níos cóngaraí dá chéile, cuidíonn siad leis an dá phobal leas a bhaint as taithí a chéile.”

Comhoibriú Trasteorann: Tosaíocht

Tá an comhoibriú trasteorann ina bhunchloch den chlár INTERREG IIIA agus ina ghné thábhachtach den chlár PEACE II.

Tá an dá chlár ag tógáil, ní amháin, nascanna sóisialta, ach nascanna gnó trasteorann chomh maith. Tá an athnuachan eacnamaíoch ina thosaíocht ag an chlár PEACE agus tá ceann de na fo-bhearta dírithe go sainiúil ar Réigiún na Teorann.

I measc na gcineálacha tionscnamh atá maoinithe ag PEACE II in 2003, bhí an Fermanagh Leitrim Organic Co-Operation Project. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo scileanna agus eolas an Organic Centre i Ros Inbhir, Co Liatroma agus an Pháirtnéireacht Duibhinis in Inis Ceithleann a thabhairt le chéile, ar mhaithe le leas sóisialta agus eacnamaíochta an dá phobal.

Sampla eile is ea an Blacklion Enterprise Centre, tionscnamh inar tháinig na sráidbhailte cois teorann, An Bhlaic agus Béal Cú, le chéile le hionad a bhunú a chuideodh leis an dá shráidbhaile. Mar thoradh ar an tionscnamh seo, atá ar tí a chríochnaithe, ní amháin go bhfuil 30 post cruthaithe ach spreagfaidh sé an geilleagar logánta tríd áiseanna a chur ar fáil do ghnólachtaí ar dhá thaobh na teorann.

Mar a gcéanna, cuireann an tionscnamh Dobharshaothrú (The Aquaculture Project), atá lonnaithe san Iarthuaisceart, toradh iascairí ar dhá thaobh na teorann ar an mhargadh.

Tá corradh le 150 tionscnamh trasteorann maoinithe ag an Chlár PEACE II ar chostas €30m. Tacaíonn an t-airgead seo, ní amháin leis an fhorbairt eacnamaíochta ach cuireann sé an t-athmhuintearas, bunchloch an chláir, chun cinn.

Ach ní hiad sin amháin atá á soláthar ag an chlár PEACE. An rud atá idir lámha ag an FCSAE ná modhanna smaointe daoine ar dhá thaobh na teorann a athrú. Ag cothú nascanna idir pobail éagsúla, ag cur caoinfhulaingthe don éagsúlacht chun cinn - seo dá ghné atá lán chomh tábhachtach leis an athnuachan eacnamaíoch a sholáthraíonn sé.

I measc na rudaí a chuireann buaireamh orainn uile is é an dóigh a n-amharcaimid ar an lár, thuaidh nó theas, nuair ba cheart dúinn beith os comhair a chéile agus ag comhoibriú. Agus muid os comhair a chéile, is amhlaidh is mó an seans gur féidir nascanna trasteorann a dhéanamh. Bhí clochmhíle eile ar an bhealach i 2003 don chlár INTERREG IIIA. Thairg an clár a chéad litreacha tairisceana do roinnt tionscnamh a bhfuil sé d'aidhm acu tacaíocht a thabhairt don chomhoibriú trasteorann, don chomhtháthú sóisialta agus don fhorbairt eacnamaíochta.

Thug PEACE II tacaíocht do 142 tionscnamh trasteorann i 2003 arbh fhiú €47.4m iad.

Athchur ráillí taobh amuigh de Stáisiún Traenach Phort an Dúnáin. Maoinithe ag INTERREG IIIA tríd an Roinn Forbartha Réigiúnaí.



EOLAS

“Tá prionsabail sholáthar seirbhísí poiblí glactha ar bord ag an Foras um Chláir Speisialta, ag leagan béime ar thábhacht na hinrochtaineachta, an comhoibrithe agus smaointe úra.”

Feidhmiú, Díograis Agus Dúthracht

Rochtaineacht ar eolas

De réir théarmaí Chomhaontú na Breataine-na hÉireann a bhunaigh na Comhlachtaí Feidhmitheacha, dréachtófar cód cleachtais ar rochtain eolais chomh luath is atá sé indéanta leis na hÁirí thuaidh agus theas a bhfuil cúram shaoráil faisnéise orthu. San idirlinn, tá an Foras um Chláir Speisialta an AE i ndiaidh an dóigh le heolas a fháil ar na cláir oibríochtúla agus ar an Fhoras a éascú. Bhí an Foras páirteach i réimse leathan imeachtaí poiblíochta agus comhairliúcháin leis na cláir oibríochtúla, a Scéim Comhionannais agus feidhmeanna an Fhorais a chur os comhair an phobail.

San fhorbairt seo, tá suíomh idirlín sainiúil bunaithe ag an Fhoras um Chláir Speisialta an AE agus tá sé ag spreagadh rochtain ar fhíorais i réimse leathan formáidí ach iad a iarraidh. A fhad is atáthar ag fanacht le theacht an Chóid Chleachtais, déanfaidh sé a dhícheall eolas a chur ar fáil chomh luath agus is féidir.

Caighdeáin na seirbhíse

Tá prionsabail sholáthar seirbhísí poiblí glactha ar bord ag an Fhoras um Chláir Speisialta an AE, ag leagan béime ar thábhacht na hinrochtaineachta, an chomhoibrithe agus smaointe úra. Le linn na dara bliana ó bunaíodh é, tá caighdeáin sheirbhíse leagtha síos a fhreagraíonn do scothchleachtais.

Tá an Foras ag leagan síos caighdeáin seirbhíse a fhreagraíonn do “Service First - the new charter programme” a chuireann béim ar chaighdeán ard seirbhíse a bhainfidh gradam an Charter Mark amach mar aitheantas den chaighdeán seirbhíse atá bainte amach.

Íocaíocht do chreidiúnaithe

Tá Foras um Chláir Speisialta an AE i bhfáthach le híocaíocht ghasta d’earraí agus do sheirbhísí, mar atá leagtha síos sa UK Late Payments in Commercial Debts (Interest) Act 1998, leasithe ag an Late Payments in Commercial Debts Regulations 2002 agus an Late Payments in Commercial Transactions Regulations 2002. Tá tuairisc ar chomhlíonadh an Fhorais um Chláir Speisialta an AE sna cuntais.

Mórphictiúr: Foilsitheoireacht Oirthear Bhéal Feirste. Maoinithe ag PEACE II tríd Pháirtnéireacht Straitéis Logánta Bhéal Feirste.

AN T-AIRGEADAS

“Is iad príomhfheidhmeanna an Fhorais Um Chláir Speisialta an AE ná Cistí áirithe Struchtúracha an AE, a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt do réimse clár forbartha agus athghiniúna.”

Mórphictiúr: Dáileadh níos mó ná €5m do thionscnaimh a bhain le páistí réamhscolaíochta i 2002.

Réamhrá Do Na Cuntais

Eolas ar an chúlra

Is comhlacht feidhmitheach Thuaidh/Theas é an Foras um Chláir Speisialta an AE, faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus Roinn an Airgeadais in Éirinn. Bunaíodh an Foras ar an 2ú Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus Comhaontú na Breataine-na hÉireann a bhunaigh comhlachtaí feidhmitheacha, buntacaithe ag an North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 agus an British Irish Agreement Act 1999. Freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, is iad príomhfheidhmeanna an Fhorais Um Chláir Speisialta an AE ná Cistí áirithe Struchtúracha an AE, cistí ar nós Chlár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas a bhainistiú PEACE II, an Clár INTERREG IIIA agus tionscadail eile an Chomhphobail a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt do réimse clár forbartha agus athnuachan i dtuaisceart agus i ndeisceart na hÉireann.

Tá na cuntais seo ullmhaithe de réir:

- Socraithe airgeadais Cuid a 7 de Chomhaontú na Breataine-na hÉireann a bhunaigh na Comhlachtaí Feidhmitheacha;
- Treoir do Thuairiscí Bliantúla agus cuntais a d'eisigh Roinn Airgeadais agus Persanra agus Roinn an Airgeadais.
- Treoir do Thuairiscí Bliantúla agus cuntais a d'eisigh Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus Roinn an Airgeadais.

Forbhreathnú Gnó

Tugtar forbhreathnú ar imeachtaí an Fhorais um Chláir Speisialta an AE sa Tuairisc Bhliantúil.

Torthaí don bhliain

Ta mionsonraí thorthaí an Fhorais um Chláir Speisialta an AE leagtha amach ar leathanach 34. Ba é €20,896 easnamh na bliana (£14,453) - easnamh 2002 €11, 474 (£6,959).

Sócmhainní Dochta

Tá mionsonraí ghluaiseacht na sócmhainní dochta leagtha amach i nóta 8 de na cuntais. Le linn na bliana, ba é an caiteachas ba mhó ar shócmhainní dochta é ná an caiteachas ar Theicneolaíocht an Eolais agus rialú na heagraíochtaí.

Taighde agus Forbairt

Ní raibh aon chaiteachas suntasach ar an ghné seo.

Cumann Iar-Scoile Bhaile na Scríne: Maoinithe ag PEACE II tríd PLAYBOARD NI.

Imeachtaí tábhachtacha a thit amach i ndiaidh dheireadh na bliana.
Níor tharla imeacht ar bith ó dheireadh na bliana a d'imreodh tionchar ar na cuntais seo.

Tabhartais Charthanúla
Níor thug an Foras um Chláir Speisialta an AE aon tabhartas carthanúil le linn na bliana airgeadais.

Baill an Bhoird
Tá feidhmeanna an Fhorais feidhmithe ag an Phríomhfheidhmeannach.

Íocaíocht do Sholáthróirí
Tá an Foras um Chláir Speisialta an AE tugtha d'íocaíocht ghasta d' earraí agus do sheirbhísí faighte, mar atá leagtha síos sa UK Late Payments in Commercial Debts (Interest) Act 1998, agus an Prompt Payments Act 1997 de chuid na hÉireann. Mura bhfuil a mhalairt luaite sa chonradh, bíonn íocaíocht iníoctha taobh istigh de 30 nó 45 lá, mar is cuí, i ndiaidh fháil na n-earraí nó na seirbhísí nó ar sheachadadh sonra dlisteanaigh, cibé is maille.

Tá riail íocaíochta 30-lá i bhfeidhm ag an Fhoras ina n-oifigí uilig, is cuma cén limistéar óna bhfáisceann an bille. In athbhreithnithe rialta lena fáil amach cad é chomh gasta agus a d'íoc an Foras um Chláir Speisialta an AE a chuid táillí, fuarthas amach gur íocadh 95.5% (2002 - 99.13%) taobh istigh de na 30 lá.

Déanann an Foras íocaíochtaí faoin Scéim Deontas an Rata Úis de chuid an EIB, faoina bhfuil riail íocaíochta gasta 15-lá i bhfeidhm. Chomhlíon muid an riail sin maidir le gach íocaíocht le linn 2003.

Le linn na bliana, ghlac an Foras le Téarmaí agus Coinníollacha d'íocaíocht Deontas leis na Ranna Freagracha le gur féidir íocaíochtaí a dhéanamh tríd an Lárionad Íocaíochtaí. Cuireann sé seo de dhualgas ar an Fhoras íocaíochtaí do thionscnaimh a dhéanamh taobh istigh de 10 lá oibre ó fhaightear éileamh dlisteanach. Bhain muid an sprioc seo amach i 96% (2002 - 98%) de na híocaíochtaí déanta le linn na bliana.

Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta
Tá polasaí scríofa maidir le Sláinte agus Sábháilteacht dréachtaithe ag an Fhoras agus scaipthe do gach ball den fhoireann. Cloíonn an polasaí leis na riachtanais dhleathacha maidir le Sláinte agus Sábháilteacht a gcaitear a chomhlíonadh le go dtig leis an Fhoras caighdeán ard sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach.

Fostaithe Míchumasacha
Tá polasaí míchumais curtha i dtoll a chéile maidir le míchumas.

Tá rún daingean ag an Fhoras an polasaí seo a chur i ngníomh le go mbainfidh sé comhionannas deiseanna do gach ball den fhoireann, iarratasóirí agus foireann fhéideartha agus le coinníollacha an Disability Act 1995 a chomhlíonadh.

Tá sé d'aidhm ag an Fhoras:

- timpeallacht oibre deimhnitheach a chruthú ina nglactar go réidh le daoine a bhfuil míchumas orthu;
- an timpeallacht oibre agus cleachtais a iniúchadh le bheith cinnte, san áit a bhfuil sé indéanta, go mbogfar na constaicí a coscann na baill sin den fhoireann a bhfuil míchumais orthu, páirt iomlán a ghlacadh i saol an Fhorais;
- timpeallacht slán sábháilte a chur ar fáil;
- cinntiú go bhforbraítear scileanna agus cumas bhaill foirne a bhfuil míchumas orthu , mar shampla trí thraenáil agus trí fhorbairt foirne;
- rochtain don réimse iomlán earcaíochta agus forbairt slí bheatha a chur ar fail do dhaoine míchumasacha

Rannpháirtíocht Fostaithe
Le linn na bliana, coinníodh na fostaithe ar an eolas ar oibríochtaí agus pleananna an Forais trí chruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

Ráiteas Freagrachtaí

Cúraimí an Fhoras um Chláir Speisialta an AE
Tá sé ordaithe ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus Roinn an Airgeadais go n-ullmhódh an Foras um Chláir Speisialta an AE ráiteas na gcuntas do gach bliain airgeadais san fhoirm agus ar an bhonn leagtha amach i dtreoir na gcuntas san aguisín ag deireadh na gcuntas seo. Tá na cuntais seo ullmhaithe ar bhunús faibhrithe agus caitheann siad léargas beacht agus cóir a thabhairt ar sheasamh an Fhorais ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas, ghnóthachan agus caillteanais aitheanta, agus sreabhaidh airgid don bhliain airgeadais.

Ag ullmhú na gcuntas seo, tá dualgas ar an Fhoras:

- aire a thabhairt do threoir na gcuntas atá eisithe ag na Ranna Airgeadais, na dualgais chuntasaíochta agus nochtaidh, agus polasaithe cuntasaíochta ar bhonn seasmhach

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta

- cé acu baineadh úsáid as cleachtais cuntasaíochta oiriúnacha agus neamhchomhlíonadh ábhartha aon chleachtais chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;

- na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, muna bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh le go leanfaidh an Foras ar aghaidh.

Cúraimí an Phriomfheidhmeannaigh
Tá cúraimí an Phriomfheidhmeannaigh, an duine freagrach don Foras um Chláir Speisialta an AE, cúraimí oiriúnacht agus ordúlacht an airgeadais agus coinneáil na dtaifead cóir, leagtha amach i Meamram Airgeadais an Fhorais.

Ráiteas Inmheánach Rialaithe

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá sé de dhualgas orm córas láidir rialaithe inmheánach a thacaíonn le baint amach polasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí an Fhorais leagtha amach ag na hAirí, agus ag an am chéanna, cistí poiblí agus sócmhainní an Fhorais as a bhfuil mé freagrach, a chosaint, de réir na gcúraimí a leagadh síos dom i gcuntasaíocht Rialtais.

Is é ról an chóras rialaithe inmheánach ná an baol teipe a bhainistiú in áit a scor le polasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach; mar sin de, ní thig leis ach cinnteacht réasúnta in áit cinnteacht iomlán go n-éireoidh leis, a gheallstan.

Tá an córas inmheánach rialaithe bunaithe ar phróiseas leanúnach ceaptha leis na príomh-bhaoil do chur i ngníomh polasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí an Fhorais a aithint, measúnú a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid na mbaol seo agus iad a bhainistiú go cumasach, go héifeachtach agus ar bhonn eacnamúil. Tá an próiseas seo i bhfeidhm don bhliain a tháinig chun deiridh ar an 31ú Nollaig 2003 agus a fhad leis an am gur tugadh ceadú don tuairisc bhliantúil, do na cuntais agus do na conarthaí le treoir on DFP.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá sé de chúram orm éifeacht an córas rialaithe inmheánach a mheas.

Tá nósanna imeachta oiriúnacha déanta againn lena chinntiú gur aithin muid cuspóirí an Fhorais agus na baoil a bhaineann leo agus gur chinn muid ar straitéis rialaithe do gach ceann de na rioscaí móra. Mar thoradh ar seo, tá úinéireachta riosca dáilte amach don fhoireann fheiliúnach agus tá dearcadh an Fhorais maidir leis an baoil atá ann do bhaint amach a chuspóirí leagtha amach.

Tá sé deimhnithe agam go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm a chinnteoidh go ndéanfar gnéithe de bhainistíocht riosca agus den rialú inmheánach a athmheas agus go dtuairisceofar iad. Rinneadh measúnú ar riosca agus rialú don bhliain a chríochnaigh ar an 31ú Nollaig 2003. Tá ról níos lárnaí ag an bhainistiú riosca i bpleanáil chorparáideach agus i bpróiseas déanta cinní an Fhorais..

Faighim tuairiscí ar bhonn tréimhsiúil maidir le rialú inmheánach. Tá céimeanna á nglacadh le riosca a bhainistiú in earnálacha tábhachtacha agus dul chun cinn a mheas ar na priomhthionscnaimh.

Le haithint príomhchuspóirí an Fhorais agus na baoil, tá obair bhreise déanta le comhsheasmhacht a chruthú sa dóigh ina láimhseálann an Foras riosca.

Le linn na bliana a chríochnaigh i 2003, tá sé seo déanta ag an Fhoras:

- rinne athmheas agus thug suas chun dáta cuntas na rioscaí don Fhoras;
- bhunaigh córas táscairí ghníomhaíochta agus riosca
- reáchtáil coiste iniúchoireachta, athmheas a bhallraíochta agus a róil i gcomhthéacs scothchleachtais san áireamh;
- d'fhorbair agus choinnigh clár riosca ar fud na heagraíochtaí
- d'eagraigh tuairiscí ó na Stiúrthóirí ar imeachtaí rialaithe inmheánacha

Tá Aontú ar Leibhéal Seirbhíse ag an Fhoras le hiniúchóir Inmheánach na Roinne Airgeadais agus Pearsanra a oibríonn na caighdeáin atá sainmhínithe i Lámhleabhar Iniúchoireachta Inmheánach an Rialtais. Faightear tuairiscí rialta a cuimsíonn dearcadh neamhspleách an Iniúchóra Inmheánigh ar leordhóthanacht agus éifeacht chóras rialaithe inmheánach an Fhorais móide moltaí maidir le feabhsuithe.

Tá an aischothú deimhnithe ach agus tá gach moladh á chur i ngníomh.

Tá obair an Iniúchóra Inmheánaigh agus na mbainisteoirí atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat oibre rialaithe airgeadais taobh istigh den Fhoras, agus ráitis déanta ag na hiniúchóirí seachtracha ina litir bhainistíochta agus i dtuairiscí eile mar bhonn eolais do m'athmheas ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

M F Kerr
Príomh fheidhmeannach Gníomhach
24u Meitheamh 2004.

Teastas na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste do Thionóil Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais

Tá na cuntais ar leathanaigh 34 - 47 iniúchta againn. Rinneadh an t-iniúchadh de réir fhorálacha an North-South Co-operation Bodies (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 agus Comhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 a éilíonn orainn, i gcomhpháirt, na cuntais a thugann an Foras dúinn, a iniúchadh agus a dheimhniú.

Freagrachtaí faoi seach an Phríomh fheidhmeannaigh agus na n-Iniúchóirí

Tá freagrachtaí an Fhorais agus an Phríomh fheidhmeannaigh, iad sin a bhaineann le hullmhú na gcuntas agus le hordúlacht na n-idirbheartuithe airgeadais san aireamh, leagtha amach i Ráiteas Chúraimí an Fhorais agus an Phríomhfheidhmeannaigh ar leathanach 31. Is é dualgas s'againne ná na cuntais a iniúchadh. Mar thoradh ar ár n-iniúchadh, tugaimid barúil ar na cuntais.

Athbhreithníonn muid cé acu léiríonn an ráiteas ar leathanach 32 go bhfuil (cuntais) an Fora(i)s in oiriúint do na treoracha cuí ar rialachas corparáideach agus tuairisciú ar shamplaí ábhartha a léireodh nach bhfuil sé amhlaidh, nó ma tá an ráiteas míthreorach nó contrártha d'eolas eile atá faighte againn ó iniúchadh na gcuntas. Tuairiscíonn muid fosta, más é ár mbarúil, mura bhfuil an Réamhrá nó eolas eile sa Tuairisc Bhliantúil, contrártha do na cuntais.

Dúshraith ár mbarúla

